Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2025
(OR. en)

9168/25

LIMITE

CORLX 489
CFSP/PESC 737
RELEX 613
COHOM 79
COEST 392

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine |

1. An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1999 agus Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine.

2. An 11 Márta 2025, d'eisigh an tArdionadaí ráiteas thar ceann an Aontais inar cháin an tAontas na coireanna uafásacha a rinneadh i gcoinne sibhialtach i réigiún cósta na Siria, lena n-áirítear maruithe treallacha.

3. An 16 Bealtaine 2025, chomhaontaigh an Mheitheal um Chearta an Duine (COHOM) gur cheart beirt agus trí eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998.

4. An 21 Bealtaine 2025, chuir an tArdionadaí togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (9164/25) mar aon le togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (9166/25).

5. An 22 Bealtaine 2025, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) ar chomhaontú faoi théacsanna an dréachtchinnidh ón gComhairle agus an dréachtrialacháin Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

6. Ar an mbonn sin, iarrtar ar Coreper an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú a dhearbhú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle agus an dréachtrialachán cur chun feidhme ón gComhairle;

– a chinneadh, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar, agus i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun:

    – an cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, mar a leagtar amach in 9165/25 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

    – an rialachán cur chun feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, mar a leagtar amach in 9167/25 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

    – na fógraí a fhormheas mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an nóta seo iad.

PUBLIC

**Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle[1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/[*uimhir*] ón gComhairle[+], agus i Rialachán (AE) Uimh. 2020/1998 ón gComhairle[2], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/[*uimhir*] ón gComhairle[+++] a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/[*uimhir*][+] ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/[*uimhir*][++] ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 2020/1998 ón gComhairle. Tugtar na forais leis na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní sin.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2020/1998 ón gComhairle, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle **roimh an 31 Iúil 2025**, ag an seoladh seo a leanas:

---

[1] IO L 410I, 7.12.2020, lch. 13.

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh in 9165/25.

[2] IO L 410I, 7.12.2020, lch.1.

[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin in 9167/25.



PUBLIC

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË/AN BHEILG
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch an athbhreithnithe thréimhsiúil a dhéanfaidh an Chomhairle, de bhun Airteagal 10 de Chinneadh (CBES) 2020/1999, ar liosta na ndaoine, agus na n-eintiteas atá ainmnithe.

PUBLIC

**Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle[1] agus i Rialachán (AE) 2020/1998[2] ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

PUBLIC

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála seo Cinneadh (CBES) 2020/1999, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/[*uimhir*] ón gComhairle[+], agus Rialachán (AE) 2020/1998, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/[*uimhir*] ón gComhairle[++].

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh – agus Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Chaidreamh Seachtrach (RELEX) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son – rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo; agus is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh
RELEX.1
Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË/AN BHEILG
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle ag:

an tOifigeach Cosanta Sonraí
ríomhphost: data.protection@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 410I, 7.12.2020, lch. 13.
[2] IO L 410I, 7.12.2020, lch.1.
[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh in 9165/25.
[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin in 9167/25.

Is é is cuspóir don oibríocht phróiseála liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach a bhunú agus(nó) a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/[*uimhir*][+] ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/[*uimhir*] ón gComhairle++ a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2020/1998.

Áirítear ar na sonraí pearsanta a bhailítear na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis an gcúis atá leis an liostú.

Is iad is bunúis dlí don láimhseáil sonraí pearsanta na Cinntí ón gComhairle arna nglacadh faoi Airteagal 29 CAE agus na Rialacháin ón gComhairle arna nglacadh faoi Airteagal 215 CFAE lena n-ainmnítear daoine nádúrtha (ábhair sonraí) agus lena bhforchuirtear reo sócmhainní agus srianta taistil.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(a) agus chun na hoibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos i ngníomhartha dlí thuasluaite a bhfuil an rialaitheoir faoina réir i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna a bhaineann le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(g) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Féadfaidh an Chomhairle sonraí pearsanta na n-ábhar sonraí a fháil ó na Ballstáit agus/nó ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Is iad na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a fhaigheann na sonraí pearsanta.

---

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh in 9165/25.
[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin in 9167/25.

Coinneofar na sonraí pearsanta uile a phróiseálann an Chomhairle i gcomhthéacs bhearta sriantacha uathrialacha an Aontais go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir an reo sócmhainní nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag nó, má thugtar caingean dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais, go dtí go dtabharfar breithiúnas críochnaitheach. Coinníonn an Chomhairle sonraí pearsanta atá i ndoiciméid atá cláraithe ag an gComhairle chun críoch cartlannú a dhéanamh ar leas an phobail, de réir bhrí Airteagal 4(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/1725.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gComhairle sonraí pearsanta maidir le hábhar sonraí a mhalartú le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta i gcomhthéacs thrasuí ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe a bheith á dhéanamh ag an gComhairle, nó i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta maidir le beartas an Aontais i ndáil le bearta sriantacha.

In éagmais cinneadh leordhóthanachta, nó in éagmais coimircí iomchuí, tá aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta bunaithe ar an gcoinníoll nó ar na coinníollacha seo a leanas, de bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2018/1725:

- gur gá an t-aistriú a dhéanamh ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail;

- gur gá an t-aistriú a dhéanamh chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Níl baint ag aon chinnteoireacht uathoibrithe le sonraí pearsanta an ábhair sonraí a phróiseáil.

Tá an ceart chun faisnéise ag na hábhair sonraí chomh maith leis an gceart rochtana ar a gcuid sonraí pearsanta féin. Tá sé de cheart acu freisin a gcuid sonraí a cheartú agus a chomhlánú. i gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé de cheart acu a éileamh go scriosfaí a gcuid sonraí pearsanta, agóid a dhéanamh faoina gcuid sonraí pearsanta a bheith á láimhseáil nó a iarraidh go ndéanfaí an láimhseáil sin a shrianadh.

Is féidir le hábhair sonraí na cearta sin a fheidhmiú trí ríomhphost a sheoladh chuig an rialaitheoir agus cóip a chur chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí mar atá luaite thuas.

PUBLIC

I gceangal lena n-iarraidh, ní mór do na hábhair sonraí cóip de dhoiciméad céannachta a sholáthar chun a gcéannacht a dhearbhú (cárta aitheantais nó pas). Ba cheart uimhir aitheantais, ainm na tíre a d'eisigh, an tréimhse bhailíochta, ainm, seoladh agus dáta breithe a bheith ar an doiciméad sin. Féadfar dath dubh a chur ar aon sonraí eile atá sa chóip den doiciméad céannachta, mar shampla grianghraf nó saintréithe pearsanta eile.

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725(edps@edps.europa.eu).

Sula ndéanfaidh siad amhlaidh, moltar do na hábhair sonraí féachaint ar dtús le leigheas a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir agus/nó le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle.

PUBLIC